Call for Papers/ Glaoch ar Pháipéir
IRAAL Annual conference - 24 November 2018/
Comhdháil bhliantúil IRAAL- 24 Samhain 2018

The Irish Association of Applied Linguistics (IRAAL) annual conference brings together researchers in all areas of applied linguistics, working in Ireland or internationally.

The theme of this year's conference is ***Applied Linguistics and Language Strategies: Practices and Policies.*** The keynote speaker is Dr Peppi Taalas of the University of Jyväskylä, Finland.

With the publication of Ireland's long awaited language strategy Languages Connect in December 2017, the Irish government has put forward an action plan for languages other than Irish or English in education, thereby formally recognising them as integral to the economic, social and cultural development of Ireland. In light of this development, as well as international politicized discourses of language learning, this year's theme reflects upon a new era in language learning and use, and the policies and practices implicated.

Topics may include, but are not limited to, first and second language acquisition; second and foreign language learning; bilingualism, multilingualism and translanguaging; language strategy and language policy; language, politics, and political discourse; language and (new) media; language, gender and sexuality; new speakers; language, identity and discourse; translation and language acquisition/learning; e-learning; and, language and technology.

Submissions from postgraduate students and early career researchers are particularly welcome.

The languages of the conference are English and Irish.

We invite submissions for three types of presentation:

- **INDIVIDUAL PAPERS**: Oral presentations on original research by one or more authors within a 20-minute period with 10 minutes for questions.
- **LIGHTNING TALKS**: A 5-7 minute long talk (following a 'TED-talk' format) using a maximum of 3 slides. This format may be of interest to postgraduate students wishing to present their subject area

without yet having gathered/analysed their data. It may also be of interest to language teachers and other practitioners wishing to present on teaching methods/practices and developments.

- **POSTERS**: Posters will be displayed during a dedicated poster session. Posters of standard A0 size should be submitted to the registration desk on the morning of the conference

Key Dates

Call for Contributions: Please submit an abstract of no more than 200 words in either Irish or English including a title of no more than 15 words, via the abstract submission site by 5pm, Friday 22 June 2018. Please indicate the presentation category (paper, lightning talk, or poster) in your submission. **Link to abstract submission site to be circulated shortly.** Please visit www.iraal.ie/membership to become an IRAAL member.

Féachtar le comhdháil bhliantúil IRAAL taighdeoirí in earnálacha uile na teangeolaíochta feidhmí in Éirinn agus thar lear a thabhairt le chéile.
Is é téama na comhdhála i mbliana ***An Teangeolaíocht Fheidhmeach agus Straitéisí Teanga: Cleachtais agus Beartais***. Is í an Dr Peppi Taalas ó Ollscoil Jyväskylä san Fhionnlainn an príomhchainteoir.
Foilsíodh an straitéis teanga, Déanann Teangacha Nasc, Straitéis Do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026*, i mí na Nollag 2017 agus tá Rialtas na hÉireann i ndiaidh plean chun gnímh a chur chun cinn do theangacha nach Béarla ná Gaeilge iad san oideachas; agus tríd seo, tugtar aitheantas oifigiúil do na teangacha seo mar chuid thábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann. I bhfianaise na forbartha seo, agus an dioscúrsa polaitiúil idirnáisiúnta ar fhoghlaim teangacha, déanann téama na comhdhála i mbliana aird a tharraingt ar an ré nua i bhfoghlaim agus in úsáid teangacha, agus ar ról na mbeartas agus na gcleachtas cuí.*
Cuirfear fáilte roimh ailt ar na hábhair seo a leanas, ach níltear teoranta dóibh: sealbhú na chéad agus an dara teanga; foghlaim an dara teanga/teanga iasachta; an dátheangachas, an t-ilteangachas agus trasteangú; straitéisí teanga agus beartas teanga; teanga, polaitíocht agus dioscúrsa polaitiúil; teanga agus na meáin (nua); teanga, inscne agus gnéasacht; nuachainteoirí; teanga, féiniúlacht agus dioscúrsa; aistriúchán agus sealbhú/foghlaim teanga; ríomhfhoghlaim; agus teanga agus teicneolaíocht.

Cuirfear fáilte ar leith roimh aighneachtaí ó mhic léinn iarchéime agus

ó thaighdeoirí ag tús a ngairme.

Is iad Béarla agus Gaeilge teangacha na comhdhála.

Táthar ag iarraidh tairiscintí maidir le cur i láthair de na cineálacha seo a leanas:

- **PÁIPÉAR AONAIR**: Leis an bpáipéar, déantar cur i láthair foirmiúil ar shaothar taighde bunúsach le haon údar amháin nó le comhúdair le linn 20 nóiméad agus beidh tréimhse 10 nóiméad ann don phlé.
- **LÉACHT LASTA**: Tabharfar na léachtaí lasta ar nós a thabharfaí TED-talk agus leanfaidh siad idir 5 agus 7 nóiméad an ceann. B'fhéidir go gcuirfeadh mic léinn iarchéime spéis sa chineál seo cainte le gur féidir leo trácht a dhéanamh ar a réimse taighde ach gan sonraí a bheith bailithe acu, nó anailís déanta acu orthu, go fóill. B'fhéidir go mbeadh an rannóg seo tarraingteach freisin do mhúinteoirí teanga nó lucht cleachtais eile ar mian leo cur i láthair a dhéanamh ar mhodhanna/chleachtais agus ar fhorbairtí.
- **PÓSTAEIR**: Beidh seisiún faoi leith ann do na póstaeir a thabharfaidh an deis do na húdair a gcuid taighde a phlé. Ní mór toise A0 a bheith sna póstaeir agus caithfear iad a thabhairt don fhoireann ag an deasc clárúcháin ar mhaidin na comhdhála.

Dátaí tábhachtacha

***Glaoch ar Pháipéir**:* Aighnítear coimre nach faide ná 200 focal, lena n-áirítear teideal nach faide ná 15 focal, i mBéarla nó i nGaeilge tríd an leathanach gréasáin le haghaidh aighneachtaí faoi 5:00 i.n., Dé hAoine 22 Meitheamh 2018. Luaitear go soiléir, le do thoil, cineál an chur faoi láthair (páipéar, cruinniú chomhchéime nó léacht lasta) sa choimre. **Nasc chuig leathanach gréasáin na n-aighneachtaí le teacht go luath.**

Téigh go dtí www.iraal.ie/membership chun clárú mar bhall de IRAAL.